



**ATHBHLIAIN 2019
FAOI MHAISE
DAOIBH GO LÉIR!**

TAOBH ISTIGH:

Ceacht beag	2
Lá an Dreoilín	2
Scéal grinn	3
An Chéad Dáil -	4
Áit faoin ngrian	5
Ceiliúradh Bhríde san IBI	6
Tionól Clainne san Astráil	7
1905 - Einstein agus Annus Mirabilis	8
Tubaistí longa	9
Crosfhocal & Cuardach focal	10
Na crainn óga (dán)	11
Cuairt an diabhair (dán)	11
An bhliain a d'éag an ceol	12



AN TAOBH Ó THUAIDH

agus ar fud na cathrach

Ná labhair faoi ach déan é

IMLEABHAR 6 EAGRÁN 1

Eanáir—Feabhra 2019

100 BLIAIN AR AGHAIDH

Tionóladh Dáil Éireann don chéad uair, 21 Eanáir 1919, i dTeach an Ardmeára i mBaile Átha Cliath. D'fhógair feisirí tofa Shinn Féin don Domhan, agus go háirithe, d'Impireacht na Breataine, gur thír dá cuid féin, tír neamhspleách, lena haislingí féin í Éire. Bhí na himeachtaí don chuid is mó trí Ghaeilge chun neamhspleáchas cultúrtha na tíre a fhógairt chomh maith. Rinne ár mbunaíocht (**establishment**) polaitíochta, na Teachtaí Dála agus na Seanadóirí ceiliúradh ar an ócáid. Ach cad é staid na Gaeilge tar éis beagnach céad bliain den tSaoirse? Ar éirigh níos fearr leis an Teanga le hÉireannaigh seachas Briotánaigh bheith i gcumhacht? De réir tuairisc.ie ní raibh i nGaeilge ach 0.5% den chaint sa téarma deiridh (38 lá) na Dála i 2017. Sin freagra ar an gceist!

Tá an Ghaeilge luaite sa Bhunreacht mar phríomhtheanga an Stáit ach ní léir go bhfuil aon tairbhe ag teacht di as seo. Is sáreolaithe (**past masters**) na polaiteoirí anseo ar rudaí a chur ar pháipéar, ar ghealltanais a dhéanamh, ar phleananna a chur le chéile, ar rudaí a chur i ndlí nó ar chonradh a shíniú. Ansin déanann siad faic. Ní tharlaíonn seo i gcás na Gaeilge amháin, tá an easpa gníomhaíochta go forleathan sa chóras polaitíochta agus i maorlathas na státseirbhíse.

Tá bille leasaithe ar Acht na dTeangacha Oifigiúla geallta leis na blianta agus tá Gaeilgeoirí fós ag feitheamh. An leithscéal is déanaí don mhoill fhada ná Breatimeacht. Moladh go mbeidh 20% d'earcaigh (**recruits**) nua sa státseirbhís in inmhe a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge. Diúltaíodh spriocdháta a chur leis an moladh sin. I 2018 níor earcaíodh ach beirt nua chuig poist a raibh riachtanas Gaeilge ag baint leo. Ní gá ach caighdeán na “Gaeilge” ar na fógraí dátheangacha timpeall na tíre a léamh chun an meas atá ag an Stát ar an Teanga a thuiscint. Is cuma leo! Beidh toghcháin ar siúl i mbliana agus ní ceart d'aon Ghaeilgeoir vóta a thabhairt d'aon iarrthóir nach bhfuil tar éis a thaispeáint i ngníomhartha (agus ní i ngealltanais éiginnte) go bhfuil siad sásta an t-aitheantas (**recognition**) céanna a thabhairt don Ghaeilge mar theanga agus a thugann siad don Bhéarla. Cuir faoi bhrú iad!



CEACHT BEAG GAEILGE: AINMNEACHA AGUS AN TUISEAL GAIRMEACH



Baintear feidhm as an Tuiseal Gairmeach (**Vocative Case**) chun glaoch nó araoid (**address**) a chur ar duine (mar shampla chun ceist a chur nó ordú a thabhairt) agus ag tosach litreach nó ríomhphoist. Cuirtear an mhír ghairmeach (**vocative particle**), “**a**”, roimh an ainm.

Tá **gach ainm fir** firinsneach sa Ghaeilge agus an chuid is mó acu sa chéad díochlaonadh.

Sa Tuiseal Gairmeach caolaítear deireadh an ainm agus séimhítear é más féidir:

Aonghus/A Aonghuis, Brian/A **Bhriain**, Colm/A **Choilm**, Seán/ A **Sheáin**

Ainmneacha sa tríú díochlaonadh: Críostóir/ A **Chríostóir**, Diarmaid/A **Dhiarmaid**

Ainmneacha sa cheathrú díochlaonadh: Pádraig/A **Phádraig**, Proinsias/A **Phroinsias**

Eisceacht: le hainm ceana (pet) séimhítear amháin: Micheál Beag/A Mhícheál Beag

A Mháire,
ar chuala tú
an scéal?



Tá **gach ainm mná** baininsneach sa Ghaeilge.

Séimhítear iad, más féidir, sa Tuiseal Gairmeach:

Dara díochlaonadh: Bríd/A **Bhríd**, Méabh/A **Mhéabh**,

Tríú díochlaonadh: Sorcha/A **Shorcha**,

Ceathrú díochlaonadh: Clár/ A **Chlár**, Máire/A **Mháire**,

Síle/ A **Shíle**, Siobhán/ A **Shiobhán**



A Bhreandáin,
téigh isteach
anois!



LÁ AN DREOILÍN

Pádraig Ó Gláimhin

Nuair a bhí mé deich mbliana d’aois níorbh í an Nollaig a spreag mé ach Lá an Dreoilín (26 Nollaig, Lá Fhéile Stiofáin). Bhaininn sult as a bheith ag féachaint ar na grúpaí buachaillí dreoilín a thagadh go dtí an baile ón tuath, ó na cnoic agus ó na sléibhte. Sheinneadh na ceoltóirí boscaí ceoil, bodhráin agus fiddleacha, Bhíodh na buachaillí eile gnóthach ag bualadh ar na doirse agus ag bailiú airgid. Ba bhreá liom bheith ag éisteacht leis an gceol agus ag féachaint ar an mórshiúl (**procession**), na buachaillí gléasta in éadaí glasa is bána. D’éistinn go géar leis an gceol agus thaitníodh na rincí ar na sráideanna go mór mór liom.

Is cuimhin liom an lá a chuaigh mé féin ar an Dreoilín. Chaith mé cóta gioblach taobh tuathail amach (**inside out**), m’aghaidh dhubh le snasán (**polish**) bróg agus píosa cuirtín ar mo cheann. Shiúil mé na sráideanna céanna amuigh ar an dreoilín. Bhí beirt chara liom, Séamus agus Peadar. Ghoid Séamus trumpa (**trumpet**) óna dheartháir. Bhí sé in ann port amháin a sheinm air, “*You are my sunshine*”. Bhuail Peadar agus mise ar na doirse ag lorg airgid fad agus bhí Séamus ag seinm a shárshaothair (**masterpiece**). Tar éis cúpla uair thógamar sos i gcúinne sa tsráid. Bhí fear óg ón lucht siúl ag féachaint go géar ar Shéamus. Go tobann léim sé agus sciob (**snatched**) sé an trumpa. Rith sé uainn ach bhí Garda cóngarach linn agus fuair sé greim ar an ngadaí. Fuair Séamus a ghléas ar ais. Thit sonas air agus thosaigh sé ag seinm.

Ag deireadh an lae d’áiríomar (**counted**) an t-airgead. Bhí tríocha scilling bailithe againn. Bhí mé sásta go leor leis an airgead i mo phóca. Ar ball chuamar go dtí pictiúrlann agus bhíomar ar barr an domhain ag diúl (**sucking**) milseán agus ag féachaint ar an scáileán.

Sa lá atá inniu ann níl aon amhránaíocht ná damhsa sa bhaile Lá an Dreoilín. Níl fágtha dom ach taibhsí na ngrúpaí a shiúladh na sráideanna nuair a bhí mé óg.



SCÉAL GRINN NA MÍOSA

Pádraig Mac Éil

Bhí draíodóir ag obair ar bord línéir cúrsála ag cur siamsaíochta ar fáil do na paisinéirí lena chuid cleasa. Lean an turas ar feadh seachtaine agus ansin chuaigh na paisinéirí i dtír agus tháinig grúpa eile ar bord. Mar sin bhí an draíodóir in ann na cleasa céanna a dhéanamh gach seachtain. Ach bhí fadhb amháin aige. Bhí bord an Chaptain in aice an ardáin agus thóg sé a phearóid leis go dtí an seó gach oíche. Bhí an t-éan ildathach ag grinnstaidéar an seó agus tar éis tamaill thuig sí conas a bhí an draíodóir in ann dallamullóg a chur ar a lucht féachana. Chomh luath agus a thuig an phearóid cad a bhí á dhéanamh thosaigh sí ag scréachach tar éis na gcleasa: “*Breathnaigh air sin! Ní hé sin an hata céanna a bhí aige nóiméad ó shin.....Féach, tá coinín aige i bpóca a chóta.....Féach tá bláthanna aige i bhfolach faoin mbord.....Cén fáth go bhfuil gach cárta ina rí muileata?*” agus araile. Bhí an draíodóir ar deargbhuile leis an bpearóid. Bhí drochbhail air ag na néaróga ag teacht ar an ardán, oíche i ndiaidh oíche. Bhí sé faoi chearthaigh i láthair an éin. Thosaigh mionbhotúin ag sleamhnú isteach ina thaispeántas. Bhí sé ar tí cliseadh néarógach a bheith aige. Bhí eagla air gearán a dhéanamh faoin bpearóid mar ba leis an gCaptaen í. Oíche amháin tharla timpiste don línéar agus chuaigh sé go tonn poill. Léim an draíodóir san fharraige agus shnámh sé go dtí píosa adhmaid a bhí ar chraiceann an uisce. Nuair a tharraing sé é féin aníos ar an adhmaid chonaic sé an phearóid ann roimhe ag stánadh air. Ní dúirt sé aon rud agus ní raibh gíog as an éan. Lean an adhmaid ag imeacht san fheacht lá i ndiaidh lae, an draíodóir ag fiúchadh le fearg faoi fhiarshúil ghlinniúnach an éin agus gan fuaim uathu. Tar éis seachtaine labhair an phearóid go tobann, “*Géillim do do dheaslámhaí. Tá tú tar éis an duibh a chur ina gheal go hiomlán orm. Cad a rinne tú leis an línéar?*”



Foclóirín

draíodóir - **magician**; línéar cúrsála - **cruise liner**; siamsaíocht - **entertainment**; cleasa - **tricks**; turas - **trip**; ar feadh - **for**; chuaigh...i dtír - **debarked**; ar bord - **on board**; céanna - **same**; fadhb - **problem**; bord - **table**; in aice - **beside**; ardán - **stage**; pearóid - **parrot**; seó - **show**; ildathach - **multicoloured**; grinnstaidéar - **intense study**; thuig - **understood**; conas - **how**; dallamullóg a chur ar - **to hoodwink**; lucht féachana - **audience**; chomh luath - **as soon**; á dhéanamh - **being done**; thosaigh - **began**; ag scréachach - **screeching**; tar éis - **after**; breathnaigh air sin! - **just look at that**; ní hé sin - **that is not**; a bhí aige - **that he had**; nóiméad - **minute**; ó shin - **ago**; féach! - **look!**; coinín - **rabbit**; i bhfolach - **hidden**; cén fáth - **why**; muileata - **diamonds (cártaí)**; agus araile - **et cetera**; ar deargbhuile - **angry**; bhí drochbhail air ag na néaróga - **he was a nervous wreck**; ag teacht - **coming**; i ndiaidh - **after**; bhí sé faoi chearthaigh i láthair - **he was nervous in the presence of**; mionbhotúin - **minor errors**; ag sleamhnú - **slipping**; taispeántas - **show**; ar tí - **on the verge of**; cliseadh néarógach - **nervous breakdown**; bhí eagla air - **he was afraid**; gearán - **complaint**; timpiste - **accident**; go tóin poill - **sank to the bottom**; léim - **jumped**; shnámh - **swam**; farraige - **sea**; craiceann an uisce - **the surface of the water**; tharraing sé...aníos - **he pulled up**; é féin - **himself**; chonaic - **saw**; roimhe - **before him**; adhmaid - **wood**; ag stánadh - **staring**; gíog - **chirp**; ag imeacht san fheacht - **drifting in the current**; ag fiúchadh le fearg - **fuming with rage**; fiarshúil ghlinniúnach - **glassy stare**; fuaim - **sound**; labhair - **spoke**; go tobann - **suddenly**; géillim - **I submit**; deaslámhaí - **dexterity**; dubh a chur ina gheal - **bamboozled**; go hiomlán - **completely**; cad a rinne tú - **what did you do**;

AN CHÉAD DÁIL

Pádraig Mac Éil


Gheall Sinn Féin ina fhorógra (**manifesto**) d'Olltoghchán 14 Nollaig 1918 go mbunódh siad “*tionól bunreachta ina mbeadh daoine a roghnóidh daoine i ndáilcheantair Éireannacha*” a mbeadh in ann “*labhairt agus feidhmiú ar son mhuintir na hÉireann, chun saol sóisialta, polaitíochta agus tionsclaíochta na hÉireann a fhorbairt*”. Dúirt siad freisin go mbainfeadh siad feidhm as gach uile straitéis chun cur i gcoinne na Breataine. Bhuaigh SF 73 shuíochán (bhuaigh ceathrar iarrthóirí dá shuíochán an duine) as 105 san olltoghchán. Bhí 6 shuíochán ag Páirtí Parlaiminteach na hÉireann agus 26 ag na hAontachtaithe.

Bhí fonn ar SF tionól a bheith acu roimh chéad chruinniú Parlaimint Westminster i mí Feabhra 1919. Sheol siad cuireadh chuig gach ionadaí tofa in Éirinn chun chéad chruinniú Dháil Éireann an 21 Eanáir i dTeach an Ardmhéara, BÁC. Níor ghlac na hAontachtaithe leis an gcuireadh agus rinne an PPÉ baghat den Dáil cé go raibh siad ar son Rialtais Dúchais. Bhí réamhchruinniú ag 29 dteachta 7 Eanáir agus An Cunta Pluincéad mar chathaoirleach. Dréachtaigh (**drafted**) siad nósanna imeachta (**procedures**) parlaiminteacha. Faraor, chloígh siad le nósanna Westminster. Diúltaíodh do mholadh go mbeadh coistí (**committees**) mar a bhí i rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá. D'ullmhaigh siad cáipéisí don Chéad Dáil agus chuir Piaras Béaslaí Gaeilge orthu.

Maidin 21 Eanáir bhí fáiltiú do shaighdiúirí ó Reisimint Fiúsailéirí Ríoga Bhaile Átha Cliath d'Arm na Breataine i dTeach an Ardmhéara. Ansin sa tráthnóna tháinig an Chéad Dáil le chéile sa Seomra Cruinn. Bhí os cionn míle san ionad, 70 iriseoir ina measc (fuair siad dinnéar saor in aisce ón Dáil!). Shiúil na teachtaí isteach ag 3.30pm, ghlaigh an Cunta Pluincéad an séisiún chun oird. Thosaigh an tráthnóna le paidir ón Athair Mícheál Ó Flannagáin (Leasuachtarán SF). Ansin ceapadh Cathal Brugha mar Cheann Comhairle don lá. Ba é Diarmuid Ó hÉigeartaigh cléireach na Dála. Glaodh an rolla. As na 69 bhfeisire ó SF bhí a lán acu i bpríosún (“*faoi ghlas ag Gallaibh*”) nó díbeartha (“*ar díbirt ag Gallaibh*”). Ní raibh ach 29 bhfreagra “*i láthair*” agus fiú, ní raibh sin fíor i gcás beirte, Mícheál Ó Coileáin agus Anraoi Ó Beoláin. Bhí siadsan ag obair ar scaoileadh Éamonn De Valera ó Phríosún Lincoln i Sasana. Den chuid is mó ritheadh na himeachtaí trí Ghaeilge chun neamhspleáchas cultúrtha na hÉireann a léiriú.

Ba é gnó an lae glacadh le trí cháipéis. Léadh an “*Faisnéis Neamhspleáchais*” agus “*Scéal ó Dháil Éireann chun Saor-Náisiúin an Domhain*” i nGaeilge, i bhFraincis agus i mBéarla. Dúirt Brugha: “*táimid réidh le Sasana anois*”. Bhí an Dáil ag lorg aitheantais ó náisiúin eile agus ag brath ar “14 pointe” Uachtarán Wilson, SAM. Ach níor éirigh leo. Sa deireadh b'iad tíortha na himpireachtaí a chaill an Chéad Chogadh Domhanda amháin a fuair neamhspleáchas. Bhí leagan Béarla amháin den tríú cháipéis, “*An Clár Oibre Poblachtaigh*”, ach d'aistrigh Béaslaí é *ad hoc* agus é ar a chosa sa Dáil. Léadh é i nGaeilge agus i mBéarla.

Thaispeáin an Chéad Dáil go raibh SF ag iarraidh feidhmiú ar bhonn bunreachtúil (**constitutional**) cosúil le rialtais dhaonlathacha na hEorpa agus go bhfuair siad an ceart bheith neamhspleách ó thoradh Olltoghchán 1918. Bhí dara cruinniú na Dála an 22 Eanáir. Cuireadh aireachtaí (**ministries**) ar bun agus diaidh ar ndiaidh tógadh céimeanna chun Stát agus Rialtas Malartach (**Alternate**) a bhunú. Dhá uair an chloig roimh thús an Chéad Dála tharla an luíochán i Sulchóid Bheag, Co Tiobraid Árann inar maraíodh beirt ó Chonstáblacht Ríoga na hÉireann. Níor thug an Dáil cead don eachtra sin agus cháin go leor é, Risteard Ó Maolchatha ina measc. Luaitear é mar thús Chogadh na Saoirse ach, i ndáiríre, bhí troid ar siúl ó 1917.



ÁIT FAOIN nGRIAN


Mari Enright

Nuair a thosaigh m'fhear céile ag caint faoi theach samhraidh a fháil sa Spáinn, cheapas gur ghéarchéim meánaoise (**mid-life crisis**) a bhí buailte leis. Bhí na comharthaí feicthe agam i bhfir eile – an fáinne cluaise, carr spóirt, an bhean nua, níos óige, níos tanaí, níos finne. Bhuel, gach rud san áireamh, chinn mé go cinnte gur smaoineamh iontach amach is amach é an teach sa Spáinn!



D'fhreastail mé ar ranganna Spáinnise agus chuardaigh mé ar an idirlíon chun tuiscint a fháil ar réigiúin chósta na tíre. Sa bhliain 2005, bhí an t-ádh linn teach beag a cheannach i sráidbhaile cois trá i Murcia ar an gCósta *Cálida* san oirdheisceart, uair go leith ó Aerfort Alicante. Ní hí seo Spáinn na n-óstán cois cladaigh ach áit uathúil le radhairc ar an bhfarraige thurcaidghorm (**turquoise-blue**) is corcra (**purple**) ar thaobh amháin agus na sléibhte ar an taobh eile. Áit dhraíochtach shuaimhneach atá inti. Níl le cloisteáil ach ceiliúr na n-éan agus, istoíche, bíog (**chirp**) na gcriogar (**crickets**). Is féidir siúl chun na trá laistigh de chúig nóiméad nó is féidir an lá a chaitheamh ar do shuaimhneas ar an lochtán (**terrace**) ag breathnú ar an Mheánmhuir agus ar na báid bheaga nó, anois is arís, ag éisteacht le cloigín an ghabhair cheannasaigh (**dominant goat**) agus é i dtosach an tréada ag dul trasna an tsléibhe, an t-aoire (**goatherd**) go deas socair ina ndiaidh. Uaireanta, bíonn long chúrsála (**cruise ship**) le feiceáil ag bun na spéire ar a bealach ó *Cartagena*, cathair bheag stairiúil 30 nóiméad uainne ina gcaitheann lucht an chrúis cúpla uair an chloig ar cuairt. Ba ó *Cartagena* a thóg Hannibal 50,000 saighdiúir agus 38 n-eilifint trasna na nAlpa.

Tugtar Garraí Margadh (**Market Garden**) na Spáinne ar an réigiún Murcia. Tá seilfeanna ár n-ollmhargaí in Éirinn lán le glasraí ón gceantar sin. N'fheadair an ndéanann éinne a mhachnamh faoi na fadhbanna uisce a ghabhann le saothrú glasraí sa cheantar is tirime san Eoraip. Gach Domhnach sna nuachtáin thall ansin, bhíodh scéalta faoi choimhlint an uisce, go háirithe faoin aistriú uisce a thógtar ón Abhainn Tagus trí chanáil agus dambaí (**dams**) ó dheas go dtí an Abhainn Segura i Murcia. Baineann an t-aighneas le drochthionchar na ndambaí ar an ithir (**soil**) mar aon le cúrsaí eacnamaíochta agus polaitíochta. Ní haon ionadh é go mbeadh coimhlint sa Spáinn ós rud é go bhfuil an tír deighilte i 17 bPobal Fhénrialaitheacha, gach Pobal lena Pharlaimint féin, cúrsa a spreagann achran idir an Stát agus an Pobal Fhénrialaitheach agus idir na Pobail Fhénrialaitheacha iad féin. É sin ráite, go hiondúil, tá dearcadh an-réchúiseach (**very easy-going**) ag muintir na Spáinne. Tuigeann siad conas a scíth a ligean agus conas sult a bhaint as an aimsir – níl i gceist leis ach cathaoir chistine a chur lasmuigh den doras agus suí síos!



Sular saolaíodh na garpháistí, chaithimis suas le sé mhí san iomlán sa Spáinn gach bliain. Fós, nuair a théim ar cuairt, is breá liom dul chuig Grúpa Mhalartú Teanga/*Intercambio* i mBéarla/Spáinnis. Nuair a bhunaigh mé an chéad Ghrúpa sa cheantar i 2006, bhí sé deacair na Spáinnigh a mhealladh ann. Faoi 2008, bhí *La Crisis* ar bhéal cách - an ghéarchéim gheilleagair. Sa bhaile mór gar dúinn, osclaíodh Scoil Teanga faoi choimirce an Stáit le ranganna Béarla saor in aisce. De bharr na dífhostaíochta, tháinig Spáinnigh ina sluaite chuig an nGrúpa mar bhíodar ag freastal ar ranganna Béarla agus ag déanamh scrúduithe chun cáilíochtaí a bhaint amach a thabharfadh deiseanna gairme dóibh nó a chuirfeadh ar a gcumas dul ar imirce iad. Ar ámharaí an tsaoil, tá laghdú tagtha ar na rátaí dífhostaíochta anois.

Measaim nach féidir cultúir tíre a thuiscint gan tuiscint a bheith ag duine ar an teanga. Bhain mé an-sásamh as leanúint le ranganna sa Spáinn. Is iontach an tairbhe í bheith in ann comhrá agus caidreamh a dhéanamh le daoine, mar aon le nuachtáin agus leabhair a léamh i Spáinnis. Bíom ar mo sháimhín só sa Spáinn ach, mar an gcéanna, tá mé sona sásta sa bhaile freisin - tá an dá thrá á bhfreastal agam!

Measaim nach féidir cultúir tíre a thuiscint gan tuiscint a bheith ag duine ar an teanga. Bhain mé an-sásamh as leanúint le ranganna sa Spáinn. Is iontach an tairbhe í bheith in ann comhrá agus caidreamh a dhéanamh le daoine, mar aon le nuachtáin agus leabhair a léamh i Spáinnis. Bíom ar mo sháimhín só sa Spáinn ach, mar an gcéanna, tá mé sona sásta sa bhaile freisin - tá an dá thrá á bhfreastal agam!


CEILIÚRADH BHRÍDE SAN IBI

Pádraig Mac Éil

Bhí Lá Fhéile Bríde ar an Aoine i mbliana agus bhí baicle (group) mhaith san Ionad Buail Isteach (Connolly Books, Sráid Essex Thoir) chun an lá a cheiliúradh le ceardlann ar conas Cros Bhríde a dhéanamh. Bhí ár ngnáth saineolaí (expert), Tadhg Ó Cruadhlaoidh, as láthair ag imeacht eile ach bhí na luachair (rushes) bailithe aige roimh ré dúinn agus ionadaí (substitute), bean cúthail (shy) nár mhian léi a hainm a lua, eagraithe chun muid a mhúineadh. D'fhreagair an chuid is mó againn an dúshlán (we undertook the challenge). Ní raibh gach duine chomh deaslámhach lena chéile. Faoi theagasc, faoi threoir agus, uaireanta le cabhair ár múinteora chuireamar na crosa le chéile diaidh ar ndiaidh. D'éirigh le cuid sa chéad iarracht. Bhí ar an gcuid eile a seacht ndícheall a dhéanamh chun teacht i dtír. Bhí mé mall agus ciotach (clumsy) le mo lámha móra ach mar a deirtear “mura n-éiríonn leat ar an gcéad iarraidh ná loic”. Bhí an saineolaí in aice liom chun mo bhotúin a




cheartú agus faoi dheireadh bhí Cros Bhríde déanta agam. Tháinig beirt chailíní isteach sa siopa, iníon léinn ó thír eile san Eoraip, an Spáinn ceapaim. Bhí ionadh orthu daoine a fheiceáil i siopa leabhar ag útamáil (fumbling) le luachair. Níl a fhios agam cad a cheap siad a bhí idir lámha againn. Ach bhí an múinteoir lánsásta gach a mhíniú dóibh faoi Naomh Bríd agus nósanna a féile mar na Crosa. Thug sí cuireadh dóibh iarracht a dhéanamh cros dá gcuid féin a chur le chéile. Bhí siad sásta tabhairt faoi (they were game for it). Tógadh iad céim ar chéim tríd an obair agus bhí siad an-mhórtasach (very proud) as a gcuid oibre ag an deireadh agus a gCros Bhríde idir lámha acu (féach an grianghraf!). B'fhéidir go mbeidh nós na croise ag leathnú amach ar fud na hEorpa amach anseo. Thóg mé féin mo chros abhaile i mo mhála agus, buíochas le Dia (nó Bandia b'fhéidir!), níor thit sí as a chéile ar an tslí mar a tharla anuraidh. Tá sí ar an mballa i mo theach anois agus tá súil agam go gcosnoidh sí mé ó gach díobháil (harm) i rith na bliana. Míle buíochas dár dteagascóir agus dár dtreoraí as an tsárobair a rinne sí chomh héifeachtach sin ar an lá. Bhaineamar go léir, Éireannaigh agus eachtrannaigh, sásamh as.




TIONÓL TEAGHLAIGH SAN ASTRÁIL

Áine Uí Mháirtín

Tá cúigear deirfiúracha agam, Sheila, Agnes, Daisy, Lucy agus Sinéad. Is cúpla (**twins**) iad Daisy agus Lucy. Tá Daisy ina cónaí lena teaghlach i Melbourne, i Stáit Victoria san Astráil, ó na hochtóidí. Bhí siad sa ghrúpa deireanach de na taistealaithe deich bpunt. Tá Agnes san Astráil freisin tríocha trí bhliain anois agus í ina cónaí i Macedon, dhá uair an chloig ó Melbourne. Bhíomar ag bualadh le chéile san Astráil chun breithlá seasca bliain an chúpla a cheiliúradh. Bhí Sheila ag caitheamh tamaill san Astráil lena h-iníon agus a clann, iadsan ina gcónaí i Melton, bruachbhaile ar imeall na cathrach Melbourne. Thaisteal mé le mo bheirt deirfiúracha, Sinéad agus Lucy chuig an gceiliúradh san Astráil. Bhí mise agus Sinéad ag dul go teach Agnes i Macedon. Bhí Lucy ag fanacht le Daisy i Melbourne. Is siopaholic í Lucy agus bhí áthas an Domhain uirthi bheith lonnaithe ansin. Tá mac le Sinéad in áit eile san Astráil agus chaith sí am leis. Bhíomar scaipthe ónár gcéile ach bhuaileamar le chéile anois is arís.



Nuair a shroicheadar an Astráil bhí sé ag cur báistí ach níor rith aon duine amach chun na héadaí a thabhairt isteach ón líne. Triomaíonn na héadaí go tapa tar éis na báistí mar bhí an aimsir chomh te sin murab ionann agus Éire. Tá teach Agnes suite ar seacht n-acra agus tá crainn timpeall an talaimh. Bhí a lán crann torthaí ann - plumaí, péitseoga (**peaches**), aibreoga (**apricots**) agus úlla. Agus crainn eile ag fás go hard agus na cruthanna go hálainn i gcoinne na spéire. Is aoibhinn liom crainn agus is í an aeráid (an teas agus an bháisteach) a éascaíonn (**makes easy**) an fás. Bhí rian dóite (**sign of burning**) ar chuid de na crainn ach fós bhí craobhóga nua ag fás. Bhí an áit go hálainn. Bhí linn snámha ann agus bhí garpháistí Agnes ann go minic agus cuid dá gcairde leo. Bhí siad go léir agus Agnes (is múinteoir í) ar a laethanta saoire shamhraidh. Ní fhaigheann siad ach ceithre seachtaine do na laethanta saoire go hiomlán.



Bhí mé an-tógtha leis an gceantar, na dathanna, an aeráid the thirim, agus an tírdhreach sceirdiúil (bleak). Níl mórán sléibhte ann agus bhí an talamh cothrom sínte os ár gcomhair. Ar thaobh na bóithre bhí rabhaidh (**warnings**) faoi changarúnna (**kangaroos**) agus faoi valbaithe (**wallabies**) cosúil leis na rabhaidh faoi fhianna i bPáirc an Fhionnuisce anseo. Bhí mé buartha nuair a chonaic mé cangarú marbh ar thaobh an bhóthair. Dúirt mo dheartháir céile liom “*is fearr cangarú marbh ná ceann gortaithe go dona*”. Is trua é, ach is é sin an lomfhirinne é.

Chuaigh mé ar Aifreann sa sráidbhaile Macedon, leath uair de shiúl ón teach agus tháinig mé ar ghairdín cuimhneacháin ar a dtugtar *Ash Wednesday Memorial Park*. Chuaigh an t-ainm sa mhuilleann orm (**the name completely puzzled me**). Fuair mé stair na háite ó Daisy. I 1984 ar Chéadaoin an Luaithrigh tharla tubaiste uafásach. Dódh gach rud i Macedon agus an tír máguaird (**surrounding**) go talamh, teach Agnes san áireamh. Ní raibh sí san Astráil ag an am sin ach bhí Daisy ina cónaí i Melbourne agus dúirt sí go raibh an chathair clúdaithe le luaithreach ón tine, na foirgnimh, na gluaisteáin agus gach rud. Dúirt sí gur mhúin an tubaiste di a mhór a dhéanamh (**make the most of**) dá saol. Dúirt Agnes gur fhág sí agus a teaghlach an teach ceithre huair le linn na géarchéime. Theith siad chomh luath is a chuala siad an rabhadh. Bhí siad as a dtéach ar feadh trí seachtaine uair amháin. Buíochas le Dia bhí an teach ceart go leor nuair a tháinig siad ar ais. Ach bhí an tuath mórthimpeall agus na crainn dóite go talamh.



1905 - EINSTEIN AGUS AN ANNUS MIRABILIS

Seán Ó Fearghail

Sa bhliain 1900 cheap eolaithe go raibh na fionnachtana (**discoveries**) móra go léir déanta acu, go raibh gach riail agus gach dlí eolaíochta ar eolas acu, agus nach raibh fágtha le déanamh acu ach roinnt mioncheisteanna a shoiléiriú (**clarify**) agus eolas faoi na sonraí a bhailiú. Cheap siad nach mbeadh ach cúpla bliain le teastáil chun deireadh a chur le gnóthas (**concern**) na heolaíochta. Ach ansin i 1905 chuir Albert Einstein an lasair sa bharrach (chuir sé gach rud bunoscionn). Nuair a mhínigh sé roinnt de na saincheisteanna “beaga” d’athraigh sé go huile is go hiomlán an dearcadh a bhí ag fisiceoirí ar an Domhan agus ar an gCruinne, ar Am agus ar Spás.

Tugtar an *Annus Mirabilis* (Bliain na Míorúiltí) ar 1905 i stair na heolaíochta de bharr 4 pháipéar a scríobh Einstein an bhliain chéanna. Ag an am sin bhí sé 26 bliana d’aois agus ag obair in Oifig na bPaitinní (**Patents**) in Bern na hEilvéise agus ní mar eolaí (**scientist**) in Ollscoil. Ó bhonn iomlán teoiriciúil, mhínigh sé roinnt torthaí aimhrialta (**anomalous**) ó thurgnaimh (**experiments**) éagsúla.

I mí an Mheithimh d’fhoilsigh sé míniú ar an Iarmhairt Fhótaileictreach (**Photoelectric Effect**) a léirigh go gníomhaíonn solas mar phacáistí fuinnimh, nó cáithníní (**particles**), seachas mar thonnta (**waves**) amháin. Chuir sé sin bonn (**foundation**) leis an réimse staidéir a dtugtar Meicnic Chandamach (**Quantum Mechanics**) air agus le saothar Erwin Schrödinger.


I mí Iúil d’fhoilsigh sé páipéar a mhínigh iarmhairt a dtugtar Glaisne de Brún (**Brownian Motion**) uirthi. Leis sin thaispeáin sé nach raibh amhras (**doubt**) ann ach go bhfuil adaimh (**atoms**) ann. Roimhe sin níor ghlac gach eolaí leis an smaoineamh go raibh siad ann i ndáiríre.

Foilsíodh a pháipéar ar Choibhneasacht Speisialta (**Special Relativity**) i Meán Fómhair. Léirigh sé sin nach raibh aon phointe tagartha seasta (**fixed reference point**) san Am ná sa Spás agus nach bhfuil aon lárphointe (**centre**) sa Chruinne (**Universe**). Go dtí sin cheap fisiceoirí nach raibh sa Spás agus san Am ach comhthéacs ina dtarlaíonn imeachtaí (**events**), ach ba léir ó shaothar Einstein go bhfeidhmíonn an Spás agus an tAm mar chuid de na himeachtaí féin.

I mí na Samhna foilsíodh an páipéar inar thaispeáin sé an choibhéis idir mais agus fuinneamh (**mass-energy equivalence**) i.e. go bhfuil damhna (**matter**, m, i gCileagram) agus fuinneamh (E, i nGiúl nó Joule) idir-inathraithe (**inter-changeable**) tríd an gcothromóid (**equation**) cáiliúil,

$E = mc^2$ (c: luas an tsolais i méadar/soicind). Mar shampla cuireann an Ghrian an-chuid fuinnimh amach mar sholas agus theas agus mar thoradh ar an gcaillteanas fuinnimh sin, cailleann sí ceithre mhilliún (4,000,000) tonna maise gach soicind.

Bronnadh an Duais Nobel do Einstein i 1921 as a chuid oibre ar an Iarmhairt Fhótaileictreach, cé go meastar gur thuill gach aon pháipéar saothair a rinne sé i 1905 Duais Nobel ar leith (**separate**). Is léir, áfach, gur athraigh obair Einstein i 1905 saol na heolaíochta as éadan (**beyond recognition**). Chruthaigh sé an Fhisic Nua-Aimseartha sa bhliain sin. Chuir sé deireadh le ré na Fisice Clasaicí a bhí bunaithe ar obair Isaac Newton agus a ghlac leis go Cruinne statach (**static**) atá ann.



Einstein ag 26

Oifig na bPaitinní, Bern




TUBAISTÍ LONGA

Seán Ó Ceallaigh

Inár gcónaí ar oileán na hÉireann is maith is eol dúinn go léir cé chomh baolach is atá sé bheith amuigh ar an mór-aigéan tharainn. Go dtí an Mheánaois chailltí gach sort báid san fharraige. Le teacht na Longa Móra d'ardaigh líon na ndaoine a bhí i mbaol báis de dheasca tubaiste ([disaster](#)) ar an bhfarraige. Tá a fhios ag an saol cad a tharla don Armáid Spáinneach nuair a theip orthu filleadh abhaile timpeall chósta Alban is chósta iarthar na hÉireann le linn doinnne ([stormy weather](#)) uafásaí sa bhliain 1588.

I rith na gcéadta ina dhiaidh sin, de réir mar a mhéadaigh daonra na gcathracha ar an gcósta thoir ba sa Mhuir Éireann, de ghnáth, a tharla timpistí longa. Cé go mbíonn an fharraige idir muidne agus An Bhreatain Bheag sách socair sa Samhradh, a mhalairt an scéal a bhíonn ann uaireanta sa Gheimhreadh, go háirithe nuair a thagann gaoth láidir anoir! Sin a tharla lá amháin sa bhliain 1807: bhí dhá long trúpaí ar an bhfarraige amach ó chalafort Bhaile Átha Cliath, an long phoist ([packet-ship](#)) an slúpa "*HM Prince of Wales*" agus an bhruig "*Rochdale*". Go tobann, tháinig sneachta trom in éindí le gaoth láidir ón oirthear is bhrúigh siad na longa móra isteach ar an gcósta. Le teacht na hoíche, rith na longa araon ar charraigeacha spiacánacha gar do Charraig Dhubh. Áit iargúlta a bhí ann sna laethanta sin agus níor chuala éinne na saighdiúirí ag béicíl nó ag scaoileadh urchar. Chomh maith leis sin ní raibh na mairnéalaigh in ann aon rud a fheiceáil sa dorchadas. Bád 120 saighdiúir ar an *Prince of Wales* (d'éalaigh an captaen, 9 mairnéalach, beirt shaighdiúirí agus beirt bhan le páistí). Adhlacadh iad i Reilig Mhuirfean. Bád gach duine den 265 a bhí ar bord an *Rochdale* agus adhlacadh iad i Reilig Charraig Bhraonáin, Baile na Manach. De bharr na tubaiste uafásaí sin cuireadh tús le calafort nua i nDún Laoghaire, tógadh Balla an Bhulla Thuaidh (1820-25) agus críochnaíodh Balla an Bhulla Theas (1830) go gearr ina dhiaidh.



Tharla tubaiste eile sa 19ú haois ar an gcósta céanna, áfach, an t-am sin i dtuaisceart Chontae Átha Cliath. I mí Eanáir 1854 d'fhág long eisimirce, an *John Tayleur*, calafort Learpholl chun dul go dtí An Astráil. Ba ón tír seo a bhí an chuid is mó de na paisinéirí. Cé go raibh an fharraige garbh is an ceo tiubh, deirtear gurb é príomhchúis na tragóide ná easpa Béarla agus taithí ag an bhfoireann loinge. Ródhéanach chuaigh an long ar chósta carraigeach Oileán Reachrann ([Lambay Island](#)). Bád idir 297 agus 380 duine ann (mná agus leanaí an chuid is mór díobh).



Tharla an tríú tubaiste, inar cailleadh beagnach 600 duine, céad bliain ó shin ar an 10 Deireadh Fómhair 1918. Sa chás sin níorbh í an aimsir ba chúis leis. Cé go raibh cainteanna síochána ar siúl chun deireadh a chur le Cogadh Domhanda I chinn foireann U-bád 123 ionsaí deireanach a chur i gcríoch! Bhí an *RMS Leinster*, bád poist ar thuras ó Dhún Laoghaire go Caergybi sa Bhreatain Bheag, san áit mhícheart ag an am mícheart. Faoi staighre bhí 20 fear ag obair leis an bpost. Bhí 76 duine i bhfoireann an Chaptaein. Bhí 180 duine mar phaisinéirí. An slua ba mhó a bhí ann áfach, ná 300 saighdiúir, cuid acu ag dul abhaile tar éis iad a bheith páirteach i gcoinne Éirí Amach na Cásca agus an chuid eile, b'fhéidir Éireannaigh a bhí ag dul chun troid ar an Mór Roinn. Níor thug an cabhlach Briotanach aon chosaint don long ar a turas agus tar éis an U-bád 123 cúpla toirpéad a scaoileadh isteach in a taobh chuaigh an *RMS Leinster* go tóin poill an-tapa (féach ATÓT, Samhain-Nollaig 2018).


Tá scéalta faoi na tragóidí sin agus a lán eolais eile faoi stair na farraige agus na hÉireann i sár-larsmalann na Mara i nDún Laoghaire.



CROSFHOCAL BÉARLA-GAEILGE XBG-37

TRASNA

SIÓS



1	exact (6)	2	adventure (7)
5	climate (6)	3	tax (4)
9	on me (3)	4	sulk (6)
11	picture (7)	5	fool (6)
12	April (7)	6	bristle (4)
13	washed (4)	7	terror (7)
14	cotton (5)	8	spoon (6)
16	youths (4)	10	evil hour (6)
18	stretch (3)	15	banishment (6)
20	geese (6)	17	respiration (5)
23	threaten (6)	19	dumb (5)
25	convenient (7)	21	die (3)
26	at (2)	22	queer (3)
27	joint (3)	23	food (3)
28	sentence (6)	24	yew (3)
32	eaten (3)	26	old (5)
34	stove (4)	29	excess (7)
35	time (2)	30	fugitive (5)
36	liver (2)	31	despondency (6)
37	play (4)	32	circumference (6)
38	light (3)	33	bishop (6)
40	sorceror (7)	39	that (4)
42	rosary (7)	41	with her (3)
43	nephew (3)		
44	vampire (7)		
45	dogs (7)		



CUARDACH FOCAL 37

plandaí 1 / plants 1

G	R	N	L	A	S	A	L	N	Ú	R	G	O	E	F
O	M	Í	N	S	C	O	T	H	F	N	S	Ó	G	E
S	Í	L	Á	N	L	S	N	Á	I	L	A	E	R	B
M	N	C	O	H	D	A	R	A	E	F	I	C	Ú	H
A	N	P	R	H	D	N	R	A	E	F	R	O	N	D
E	S	L	Á	É	G	R	Á	L	S	É	A	M	D	A
S	A	L	L	É	A	N	D	R	A	L	L	Á	N	H
A	U	A	Á	S	H	C	I	C	H	T	N	Á	D	M
I	N	E	R	N	N	D	H	A	C	B	L	N	O	A
N	H	U	B	Í	L	T	M	T	R	L	A	L	I	S
L	T	A	M	Í	L	U	A	M	A	R	T	E	L	C
E	A	E	T	U	R	A	S	E	B	C	A	E	F	N
O	E	F	S	L	Á	N	R	U	S	E	H	S	L	U
G	B	E	A	T	H	B	G	Ó	S	M	A	E	S	P
S	P	O	N	Á	L	A	H	C	A	U	B	O	P	S

anleog (field bindweed)	flíodh (chickweed)
beathnua (St John's worth)	grúnlas (groundsel)
breallán (loosestrife)	mínscóth (knapweed)
buachalán (ragwort)	samhadh (sorrell)
créachtach (purple loose-strife)	seamsóg (wood-sorrel)
créachtlus (woundwort)	slánlus (ribwort plantain)
fearadh (figwort)	sponc (coltsfoot)
feabhrán (hogweed)	tursarraing (stitchwort)



Na crainn óga

Curtha sa chré le chéile
 Na crainn óga
 Ag amharc aníos go barr na spéire
 I measc na seanchrainnte
 Thíos i ngairdín an tí
 Ag bun an ghairdín fé bhun an bhalla
 I bhfolach ar chúl na foraoise
 Ag ithe, ag ól, ag fás.

Ag cogarnacht de shíor le séideadh na gaoithe
 Ag cúlústeacht amuigh san aer
 Gan bhuairt, gan bhrón ná uaigneas choíche
 Ag gáire lena chéile
 Thíos ag bun an ghairdín
 I dtimpeallacht na gcrann ard.



Ag feitheamh leis an lá
 Lá na nduilleog nua
 Beidh na géaga ag gáire
 Is ní bheidh-
 Gaoth an gheimhridh níos mó.

Samhlaím Íosa i ngairdín
 Gethsemane



Cuairt an Diabhail

D'éiríos go moch ar maidean
 is chualas béarla na n-éan,
 glór na luathmhaidine.

Shiúlas aniar i measc mo chairde
 is d'itheas is d'ólas leo
 ag am bhreacadh an lae.

Shroicheas an trá is stadas ann,
 ag éisteacht le tonntracha móra,
 ag tuirlingt ar an ngaineamh.

Bhuaileas le stróinséir
 is thosaíomar ag cabaireacht
 fé chúrsaí mór an tsaoil.

Ansin, smaoinís ar an Tionól
 tar éis teacht le chéile
 I gCathair Bhaile Átha Cliath.

Líonas le fearg is uafás,
 tar éis cloisteáil dom
 a chinneadh marfach, peacúil
 a d'eisigh siad inné.

Smaoinís ar na leanaí úra nua
 ar tí tíocht ar an saol,
 maraithe sa bhroinn.

Ghuíos chun Dé, ag impí air
 teacht anuas ó Neamh,
 a dhein sé na blianta blianta ó shin.

CROSFHOCAL BG XBG-36: RÉITEACH

CUARDACH FOCAL 36: RÉITEACH

	¹ B	² L	A	³ O	⁴ S	⁵ C		⁶ T	O	⁷ M	H	⁸ A	S	
⁸ G		A		R		⁹ A	R	A		A		I		¹⁰ A
¹¹ L	Á	N	Ú	N	A	S		¹² M	I	L	Í	S	T	E
U		D		Ú	A		A		L		T		R	
¹³ A	M	A	S		¹⁴ C	I	¹⁵ A	L	L		¹⁶ B	R	E	Á
I		I		¹⁷ C		¹⁸ M	I	L		¹⁹ T		I		I
²⁰ S	²¹ P	R	I	O	²² C		T		²³ T	A	C	Ú	²⁴ I	L
	Ó			²⁵ S	A	M	H	A	I	N			T	
²⁶ A	G		²⁷ B	Á	D		R		²⁸ M	A	I	²⁹ D	H	³⁰ M
I		³¹ C		N		³² M	Í	³³ N		Í		O		A
³⁴ F	R	Í	D		³⁵ G	A		³⁶ U	M		³⁷ A	R	Í	S
I		R		³⁸ S		³⁹ R	U	A		⁴⁰ B		C		L
⁴¹ D	R	E	A	C	H	T		⁴² C	R	O	C	H	T	A
		I		Á		⁴³ Á	T	H		R		L		
⁴⁴ G	A	B	H	L	Á	N		⁴⁵ T	A	B	H	A	I	R

B	B	U	I	L	C	A	R	R	A	C	A	T	H	B
R	D	S	C	Ú	N	R	Á	F	R	E	A	G	R	F
I	C	A	T	H	L	O	N	G	R	N	N	B	A	R
U	A	R	É	N	Ú	S	A	I	C	I	U	L	C	I
G	S	B	U	H	M	D	A	É	G	I	R	F	B	Ó
I	N	C	R	A	B	T	I	A	I	E	R	R	H	S
U	S	O	Ú	M	H	R	G	C	C	I	U	B	S	R
R	Á	R	L	C	Ú	R	I	A	G	G	R	A	T	Ú
B	R	B	A	H	E	O	T	O	I	Á	I	A	N	C
O	Í	E	I	T	M	A	D	L	C	L	I	N	O	S
L	T	A	N	P	B	Á	R	P	I	C	E	A	C	R
H	G	D	R	A	M	H	R	A	A	N	C	O	Ú	A
M	S	Ó	E	E	I	A	G	E	I	L	É	R	N	I
Á	I	T	A	T	H	L	R	L	A	H	B	R	A	C
R	A	É	N	Í	L	I	N	E	A	R	G	I	R	B

SEANFHOCAL

togha an tSaoil, saor in aisce

AN BHLIAIN A D'ÉAG AN CEOL


Máire Blundell

Cailleadh triúr ceoltóirí i 2018 agus beidh saol cultúrtha na hÉireann níos boichte gan iad.

15 Eanáir: Dolores Ó Riordáin: Rugadh Dolores 6 Meán Fómhair 1971 i mBaile Uí Bhricín, Co Luimnigh, an duine is óige i gclann de naonúr (cailleadh beirt ina leanbh). Mhair cúigear deartháireacha agus deirfiúr amháin. Gortaíodh a athair Terry go dona i dtimpiste ghluaisrothair i 1968. Ba lónadóir ([caterer](#)) scoile a máthair Eileen. D'fhreastail Dolores ar Choláiste Chnoc na Labhras ([Laurel Hill](#)). D'admhaigh sí gur chaith sí níos mó ama ann ag scríobh amhrán agus ag seinm ceoil ná ag staidéar. Chan sí sa ghrúpa "[Cranberry Saw Us](#)" i 1989. Tháinig clú domhanda orthu, faoin ainm "[The Cranberries](#)", tar éis turas go Stáit Aontaithe Mheiriceá i 1993. Phós sí Don Burton an bhliain dár gcionn agus bhí triúr páistí acu, Taylor, Molly agus Dakota. Fuair sí colscaradh i 2014. Ní raibh Dolores ach daichead a sé bliana d'aois nuair d'imigh sí ar shlí na firinne. Bean iontach ab ea í i mo thuairimse, le guth neamhaí draíochtach. Bhí fadhbanna aici i rith a saoil le hanoireicse ([anorexia](#)) agus le neamhord dépholach ([bipolar disorder](#)) agus bhíodh sí in ísle brí go minic. Níor thaitin an clú agus an cháil léi. Chonaic mé agallamh álainn le Dolores agus a máthair. Bhí caidreamh an-dlúth eatarthu. Bhuail mé le Dolores uair amháin. Bhíomar beirt ag feitheamh i siopa gruagaire i mBinn Éadair. Ní raibh aon éirí in airde inti, dar liom. Is aoibhinn liom amhráin Dolores. "[Linger](#)" an ceann is fearr liom. Tá aistriúchán Gaeilge dá hamhrán "[Zombie](#)" á chanadh ag Jennie Ní Ruiséil, le fáil ar YouTube.ie. Molaim é.



14 Márta: Liam Óg Ó Floinn: Rugadh Liam 14 Aibreán 1945 i gCill, Co Chill Dara. D'fhreastail sé ar scoil i Nás. Bhí a athair ina mhúinteoir agus ina fhidléir agus mhúin agus sheinn a mháthair, Maisie, an pianó. Bhí an teaghlaigh beo le ceol traidisiúnta. Thit sé i ngrá leis an bpíob uilleann nuair a bhí an píobaire, Tom Armstrong, ag seinm lena athair. Nuair a bhí sé aon bhliain déag d'aois chuaigh sé go BÁC chun an phíb a chleachtadh leis an bpíobaire cáiliúil Leo Rowsome. Bhunaigh sé an grúpa [Planxty](#) i 1972 agus bhí siad an-cháiliúil sa bhaile agus thar lear. Chaith sé am ag obair le [Dire Straits](#) agus Kate Bush agus ar fhuaimríanta scannáin agus sraithe teilifíse mar "[Kidnapped](#) (1979)". Éist leis an dlúthdhiosca álainn, "[The Poet and the Piper](#)" le Séamas Heaney agus Liam Óg. Deirtear gurb é Liam Rí na bPíobairí. Fuair sé bás tar éis tinnis fhada. Bhí sé seachtó dó bhliain d'aois.



7 Samhain: Mícheál Ó Súilleabháin: Rugadh é 10 Nollaig 1950 i gCluain Meala, Co Thiobraid Árann agus tógadh ansin é. Bhí siopa grósaera ag a thuismitheoirí. Rinne sé an Ardteistiméireacht dhá uair mar bhí saoroideachas 3ú leibhéal le fáil an dara huair. Bhí sé ar an gcéad duine dá theaghlach a d'fhreastail ar an Ollscoil. Rinne sé staidéar i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, faoi Shéan Ó Riada. Phós sé Nóirín Ní Riain amhránaí cantaireachta ([chant](#)). Bhog siad go dtí An Rinn, áit inar mhúin siad an ceol agus inar rinne siad staidéar ar an nGaeilge. Bhí beirt mhac acu, Eoin agus Mícheál (Moley). Scar siad ag deireadh na nóchaidí. Bhunaigh sé Dámh Chruinne Éireann ([Irish World Academy](#)) Rince agus Ceoil in Ollscoil Luimnigh i 1994 leis an Ollamh Helen Phelan (a phós sé i 2017; bhí mac Luke acu). Tógadh foirgneamh álainn don Dámh i 2013. Bhí sé ina Ollamh Cheoil/Ollamh [Emeritus](#) ansin. Ba chumadóir, shárphianódóir, léachtóir, agus oideachasóir é. Bhí sé in ann ceol traidisiúnta agus ceol clasaiceach a mheascadh le chéile. Ní raibh fhios agam cé chomh maith agus a bhí Mícheál gur éist mé le fiseáin uaidh ar You tube ("[Woodbrook](#)", "[Fáinne Geal an Lae](#)", "[Heartwork](#)" agus araile) nuair a bhí mé ag déanamh taighde don alt seo. Bhí sé 67 mbliana d'aois.



Slán agus beannacht a Dolores, a Sheáin, agus a Mhichíl, beidh bhur gceol againn go deo.